AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.8.2023
COM(2023) 500 final

ANNEX 3

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

Tuarascáil bhliantúil ar oibríochtaí cabhrach daonnúla an Aontais Eorpaigh a maoiníodh in 2022

Iarscríbhinn III: Measúnú seachtrach ar chabhair dhaonnúil

Tá seirbhísí meastóireachta an Choimisiúin freagrach as an bhfeidhm mheastóireachta a stiúradh, a chomhordú, as faireachán a dhéanamh uirthi agus as í a thuairisciú. Soláthraíonn siad torthaí meastóireachta tráthúla, ardcháilíochta chun fianaise a áirithiú le haghaidh cinnteoireacht eolasach agus cuntasachta. Is féidir leis na meastóireachtaí a bheith geografach, téamach nó dírithe ar chomhpháirtíocht shonrach. In 2022, rinne AS ECHO na meastóireachtaí straitéiseacha seo a leanas:

- *Evaluation of the European Union's humanitarian interventions in Yemen and in Humanitarian Access, 2015-2020* [Meastóireacht ar idirghabhálacha daonnúla an Aontais Eorpaigh in Éimin agus i Rochtain Dhaonnúil, 2015-2020];
- Meastóireacht chomhcheangailte ar idirghabhálacha daonnúla an Aontais Eorpaigh i gCorn na hAfraice (HoA) sa tréimhse 2016-2020, agus comhpháirtíocht Ard-Stiúrthóireacht na Cosanta Sibhialta Eorpaí agus na nOibríochtaí Eorpacha um Chabhair Dhaonnúil de chuid an Choimisiúin Eorpaigh (AS ECHO) le Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (CICD);
- *Evaluation of the Emergency Social Safety Net programme* [Meastóireacht ar chlár an Líontáin Sábhála Shóisialta Éigeandála (ESSN-2, 2018-2020)];
- *Combined evaluation of the European Union's humanitarian response to sudden-onset disasters (2016-2020) and of DG ECHO's partnership with the International Federation of Red Cross and Red Crescent Societies (IFRC)* [Meastóireacht chomhcheangailte ar fhreagairt dhaonnúil an Aontais Eorpaigh ar thubaistí a tharlaíonn go tobann (2016-2020) agus ar chomhpháirtíocht AS ECHO le Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg (IFRC)];
- *Combined evaluation of the European Union's humanitarian interventions in the Sahel and in the food assistance and nutrition sectors 2016-2020* [Meastóireacht chomhcheangailte ar idirghabhálacha daonnúla an Aontais Eorpaigh sa tSaiheil agus in earnálacha an chúnaimh bia agus an chothaithe 2016-2020];
- *Evaluation of the European Union's humanitarian interventions in disaster preparedness* [Meastóireacht ar idirghabhálacha daonnúla an Aontais Eorpaigh in ullmhacht maidir le tubaistí];
- *Combined evaluation of DG ECHO's humanitarian response to epidemics, and of DG ECHO's partnership with the World Health Organization, 2017-2021* [Meastóireacht chomhcheangailte ar fhreagairt dhaonnúil AS ECHO ar eipidéimí, agus ar chomhpháirtíocht AS ECHO leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, 2017-2021].

In Eanáir 2023, bhí meastóireachtaí ar siúl le haghaidh na réimsí seo a leanas:

- Meastóireacht Eatramhach ar chur chun feidhme Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta, 2017-2022;
- *Evaluation of humanitarian logistics in the European Commission's civil protection and humanitarian aid operations, 2018-2022, and of the Mobility Package within the Emergency Support Instrument re-activation, 2020-2022* [Meastóireacht ar lóistíocht dhaonnúil sa Chosaint Shibhialta agus sna hOibríochtaí um Chabhair Dhaonnúil de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, 2018-2022, agus ar an bPacáiste Soghluaisteachta laistigh d'athghníomhachtú na hIonstraime Tacaíochta Éigeandála, 2020-2022];
- *Combined evaluation of the European Union's response to the Venezuelan regional crisis, and of DG ECHO's partnership with the United Nations High Commissioner for*

Refugees, 2017-2021 [Meastóireacht chomhcheangailte ar fhreagairt an Aontais Eorpaigh ar ghéarchéim réigiúnach Veiniséala, agus ar chomhpháirtíocht AS ECHO le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe, 2017-2021].